# An Nós Imeachta Athbhreithnithe maidir le Gearáin ó Thuismitheoirí

*Tabhair do d'aire:*
- *Cuirfear cóip den nós imeachta seo ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla ar láithreán gréasáin na scoile agus/nó ach í a iarraidh ar an scoil. Tá an nós imeachta seo le teacht i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2024.*
- *De réir an Achta Oideachais, 1998, tá gach scoil faoi bhainistiú a Boird Bainistíochta thar ceann phátrún na scoile.*

## Cuspóir/Sprioc

Rinne Cumann Múinteoirí Éireann agus na comhlachtaí bainistíochta bunscoileanna (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Eaglais na hÉireann, an Foras Pátrúnachta, Bord Bunoideachais na Moslamach, Foghlaim le Chéile agus Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta don Oideachas Speisialta) an Nós Imeachta maidir le Gearáin ó Thuismitheoirí a athbhreithniú agus a chomhaontú in 2023. Tá sé deartha le próiseas oscailte a leagan amach go soiléir d'fhonn cumasú do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nithe is údar imní a bhaineann lena leanbh/leanaí féin a ardú ar bhealach comhaontaithe, cothrom agus trédhearcach.

Aithnítear gurb iad na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla na príomhoideachasóirí i saol an linbh agus, dá réir sin, go bhféadfadh nithe is údar imní teacht chun cinn ó am go chéile a mbeadh ar na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla dul i gcomhar leis an scoil maidir leo. Glactar leis go mbeidh an comhar sin tráthúil, cúirtéiseach agus réiteach-dhírithe d'fhonn a chinntiú go dtiocfaidh an caidreamh tábhachtach idir an tuismitheoir agus an scoil slán agus go léirítear meas dó. Glactar leis go nglacfaidh gach páirtí páirt réamhghníomhach sa phróiseas.

## Pointí Nóis Imeachta

Is nós imeachta céimnithe é an nós imeachta ina ndéantar gach iarracht an t-ábhar a thabhairt chun réitigh a luaithe is féidir. I bhformhór na gcásanna, déanfar plé leis na nithe is údar imní go neamhfhoirmiúil nó déanfar plé leo go foirmiúil ag céim luath den nós imeachta. I gcás nach n-éiríonn leis na páirtithe teacht ar réiteach ag na céimeanna luatha, déantar foráil sa nós imeachta go bhféadfar an t-ábhar a thabhairt os comhair an Bhoird Bainistíochta. Leagtar amach sa nós imeachta seo, i gceithre chéim, an próiseas atá le leanúint chun gearán a dhéanamh agus an sceideal ar leith atá le leanúint. Glactar leis go n-oibreoidh na páirtithe trí na céimeanna in ord.

- I gcás go n-úsáidtear an téarma 'comhfhreagras i scríbhinn', is éard atá i gceist leis sin go sonrach ná litir nó ríomhphost ó thuismitheoir/chaomhnóir dlíthiúil nó ó thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla.
- Ní dhéanfar imscrúdú ar ghearáin faoi mhúinteoir ach ar chuntar go bhfuil sé i scríbhinn agus sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil, agus go mbaineann sé lena leanbh féin.
- I gcás go measann an fostóir/bord bainistíochta go mbaineann gearán arna ardú ag tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil leis na nithe seo a leanas, ní bheidh feidhm ag an nós imeachta seo;
  - ábhair a bhaineann le hinniúlacht ghairmiúil a chuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais;
  - gearáin shuaibhreosacha nó chráiteacha agus gearáin a bhaineann le hábhair nach gcuireann isteach ar obair an mhúinteora sa scoil; nó
  - gearáin ar ina leith ar féidir le ceachtar páirtí dul chun dlí nó dul le nós imeachta eile atá ann cheana féin.
- I ngach cás, ní mór aon chineál comhfhreagrais i scríbhinn a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta **amháin**. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil aon diall uaidh sin dochrach agus gurb ionann é agus gníomhú lasmuigh de raon feidhme an chomhaontaithe seo.
- **Is iad laethanta scoile atá i gceist le laethanta sa nós imeachta seo**. Is éard is lá scoile ann ná lá a bhfuil an scoil ag feidhmiú. Ní áirítear tréimhsí saoire, tréimhsí dúnta scoile ná tréimhsí neamhláithreachta mar laethanta scoile chun críche an nóis imeachta seo.
- Ní dhéantar foráil do ghrúpghearáin/chomhghearáin agus déanfar plé ar leithligh le gach tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a ardaíonn ní is údar imní tríd an bpróiseas seo.
- Is fóram inmheánach é an nós imeachta agus, dá réir sin, níl sé i gceist ag an lucht bainistíochta ná ag Cumann Múinteoirí Éireann go mbeadh ionadaíocht dhlíthiúil ann ag am ar bith.
- Ba cheart nithe is údar imní a ardú go tráthúil. Is chun leas an linbh é go n-ardófaí nithe is údar imní gan mhoill d'fhonn teacht ar réiteach leis an múinteoir a luaithe is féidir, agus an dalta fós i rang an mhúinteora sin más féidir ar chor ar bith é.

## Céim Fhoirmiúil 1
## Plé

### 1.1 Cruinniú idir an tuismitheoir/caomhnóir agus an múinteoir

I gcás gur mian le tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil gearán a dhéanamh a bhaineann lena leanbh féin, ba cheart dó nó di coinne a lorg leis an múinteoir atá i gceist d'fhonn an gearán a thabhairt chun réitigh. Is féidir tuilleadh cruinnithe leis an múinteoir a thionól de réir mar is cuí.

### 1.2 Cruinniú idir an tuismitheoir/caomhnóir agus an bPríomhoide[1]

I gcás nach n-éiríonn leis an tuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil an gearán a thabhairt chun réitigh leis an múinteoir, ba cheart dó nó di coinne a lorg leis an bPríomhoide d'fhonn an gearán a thabhairt chun réitigh. Is féidir tuilleadh cruinnithe leis an bPríomhoide a thionól de réir mar is cuí.

### 1.3 Cruinniú idir an tuismitheoir/caomhnóir agus an Cathaoirleach

I gcás go bhfuil an gearán fós gan réiteach, ba cheart don tuismitheoir/chaomhnóir dlíthiúil coinne a lorg le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta d'fhonn an gearán a thabhairt chun réitigh. Is féidir tuilleadh cruinnithe leis an gCathaoirleach a thionólde réir mar is cuí.

### Gearán tugtha chun réitigh

Is féidir an gearán a thabhairt chun réitigh sa chéim seo.

## Céim Fhoirmiúil 2
## I scríbhinn *(10 lá)*

### 2.1 Gearán i scríbhinn curtha chuig an gCathaoirleach

Mura dtugtar an gearán chun réitigh ag céim 1 agus más mian leis an tuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil leanúint ar aghaidh leis, ba cheart dó nó di an gearán a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta i scríbhinn. Cuirtear tús le céim 2 leis sin.

### 2.2 Cóip curtha ar fáil ag an gCathaoirleach don mhúinteoir

Ba cheart don Chathaoirleach cóip den ghearán i scríbhinn a chur ar fáil gan mhoill don mhúinteoir a ndearnadh an gearán ina (h)aghaidh.

### 2.3 Cruinniú/cruinnithe tionólta ag an gCathaoirleach

Ba cheart don Chathaoirleach iarracht a dhéanamh an gearán a thabhairt chun réitigh idir an múinteoir agus an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil laistigh de 10 lá scoile ó thús chéim 2.1. Le déanamh amhlaidh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCathaoirleach cruinniú amháin nó níos mó ná sin a thionól leis an múinteoir/tuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil agus le pearsanra eile de chuid na scoile de réir mar a mheasann an Cathaoirleach a bheith iomchuí.

### Gearán tugtha chun réitigh

Is féidir an gearán a thabhairt chun réitigh ag an gcéim seo.

## Céim Fhoirmiúil 3
## An Bord Bainistíochta *(20 lá)*

### 3.1 Tuairisc fhoirmiúil tugtha ag an gCathaoirleach don Bhord

Má tá an gearán fós gan réiteach tar éis chéim 2 agus más mian leis an tuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil leanúint ar aghaidh leis, ba cheart dó nó di an méid sin a chur in iúl don Chathaoirleach i scríbhinn. Ba cheart don Chathaoirleach tuairisc fhoirmiúil a thabhairt don Bhord Bainistíochta tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an ráiteas i scríbhinn sin a fháil. Ag an gcruinniú seo, is féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh dul ar aghaidh chuig céim 3.2 nó céim 3.3.

### 3.2 Gearán tugtha chun críche

Féadtar an próiseas a thabhairt chun críche ag an gcéim seo má mheasann an Bord:

a) Go bhfuil an gearán suaibhreosach nó cráiteach;

b) Go bhfuil imscrúdú déanta ag an mBord ar an ngearán cheana féin;

c) Gurbh oiriúnaí plé a dhéanamh leis an ngearán trí chiorcláin níos ábhartha ón Roinn Oideachais, nó;

d) i gcás go bhfuil tús curtha le cás dlí.

I gcás go gcinneann an Bord go bhfuil an gearán curtha i gcrích ag an gcéim seo, ba cheart an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a chur ar an eolas amhlaidh tráth nach déanaí ná cúig lá tar éis an chruinnithe boird.

### 3.3 Dul ar aghaidh go héisteacht

I gcás go gcinneann an Bord dul ar aghaidh go héisteacht, ba cheart dó dul ar aghaidh mar seo a leanas:

a) ba cheart a chur in iúl don mhúinteoir go bhfuil an gearán le dul ar aghaidh go héisteacht iomlán agus ní mór don Chathaoirleach a chinntiú go gcuirfear ar fáil don mhúinteoir na doiciméid go léir atá á mbreithniú ag an mBord.

b) ba cheart don Bhord cruinniú a shocrú leis an tuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil má mheasann sé go bhfuil gá lena leithéid. Tá sé de cheart ag an tuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil cara a bheith in éineacht leis nó léi ag aon chruinniú den sórt sin agus cúnamh a fháil ón gcara sin le linn an chruinnithe.

c) ba cheart deis a thabhairt don mhúinteoir a c(h)ás a chur i láthair an Bhoird. Tá sé de cheart ag an múinteoir go ndéanfadh cara leis nó léi nó ionadaí ceardchumainn ionadaíocht dó nó di. Ceadaítear don chara nó don ionadaí ceardchumainn sin duine eile a bheith in éineacht leis nó léi le cabhrú leis nó léi nó le nótaí a ghlacadh chomh maith.

d) ba cheart go n-iarrfaí ar an múinteoir ráiteas i scríbhinn a chur faoi bhráid an fhostóra (an Bord) mar fhreagra ar an ngearán. Idir an fostóir agus an fostaí a bheidh an ráiteas sin agus ní roinnfear le haon tríú páirtí é.

e) tionólfar an cruinniú den Bhord Bainistíochta dá dtagraítear in 3(b), (c) agus (d) tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an chruinnithe dá dtagraítear in 3.1, a mhéid is féidir.

## Céim Fhoirmiúil 4
## Cinneadh *(5 lá)*

### 4.1 Cinneadh i scríbhinn ón gCathaoirleach

Déanfaidh an Bord an gearán agus an freagra a cuireadh ar fáil a mheas agus déanfaidh siad breithniú ar an ábhar. Ba cheart don Chathaoirleach cinneadh an Bhoird a chur in iúl i scríbhinn don mhúinteoir agus don tuismitheoir/chaomhnóir dlíthiúil nó do na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla tráth nach déanaí ná cúig lá tar éis an chruinnithe a tionóladh ag céim 3.3.

### 4.2 Gearán tugtha chun críche

Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Bhoird.

[1] *I gcás go bhfaightear gearán faoi phríomhoide, tosaítear ar an bpróiseas thuas ag Céim 1.2.*